# Nuacht Neachtain

## Bealtaine, 2023.

### CORN CUIMHNEACHÁIN PHROINSIAS UÍ BHROLLAIGH

Mar chuid den cheiliúradh s'againne chun deich mbliana Ghaelscoil Neachtain a aithint , tá muid ag bunú blitz peile i gcuimhne Phroinsias Uí Bhrollaigh nach maireann, iar-leaschathaoirleach Bhord na nGobharnóirí agus bunghobharnóir. Tá an blitz ann **Dé hAoine, 16 Meitheamh** agus tá cuireadh curtha chuig na Gaelscoileanna go léir i gContae Dhoire. Bronnfar Corn Cuimhneacháin Phroinsias Uí Bhrollaigh ar an fhoireann a bhaineann. Tá muid ag súil le lá mór peile agus le mórspraoi ar an 16ú. De dheasca cúrsaí spáis, áfach, daltaí agus foireann scoile amháin a bheas in ann freastal ar an lá. Go raibh maith agat.

### TABHARTAS MHUINTIR BHROLLAIGH

Tá an duais thuas a mhaoiniú ag tabhartas iontach flaithiúil a thug teaghlach Phroinsias Uí Bhrollaigh nach maireann do Ghaelscoil agus Naíscoil Neachtain. Tá muid iontach buíoch d'Anne agus don teaghlach ar fad as a gcuid flaithiúlachta.

### TRÁTHNÓNA SÓISIALTA

**Chun deireadh a chur lenár gceiliúradh cuimhneachán deich mbliana, tá muid ag eagrú <u>tráthnóna shóisialta i Halla Ghór Dhún Geimhin oíche Déardaoin, 29 Meitheamh.</u> Toiseoidh an tráthnóna ar 7.30rn agus bia a sholáthar. Ina dhiaidh seo, cuirfear iardhaltaí dár gcuid siamsa ar fail. Déanfar an oíche a chríochnú le dioscó. £10 an ceann an ticéad (daoine fásta) agus beidh siad ar díol ón Chéadaoin, 6 Meitheamh. Fáilte roimh achan duine. Scaip an scéal!! Tá muid ag dúil le do theacht ar an 29ú. Go raibh maith agat.**

### CORN CUIMHNEACHÁIN PHROINSIAS UÍ BHROLLAIGH / FRANCIE BROLLY MEMORIAL CUP

As part of our celebrations to mark Gaelscoil Neachtain's 10th anniversary, we are establishing a football blitz in memory of the late Francie Brolly, former vice-chairperson of the Board of Governors and a founding governor. The blitz will take place on **Friday, 16th June** and an invitation has been sent to all Gaelscoileanna in County Derry. The Francie Brolly Memorial Cup will be presented to the winning team. We are looking forward to a great day's football and a great day's enjoyment on the 16th. However, due to space issues, only students and school staff will be able to attend on the day. Go raibh maith agat.

### BROLLY FAMILY DONATION

The above award is being funded by a very generous donation made to the Gaelscoil by the family of the late Francie Brolly. We are very grateful to Anne and to all the family for their generosity.

### SOCIAL EVENING

**To bring our tenth anniversary celebrations to an end, we are organising <u>a social evening in Halla Ghlór Dhun Geimhin on Thursday, 29th June.</u> The evening will begin at 7.30pm with a buffet. Following this, past pupils will provide entertainment. The evening will finish with a disco. Tickets cost £10 each (adults) and will be on sale in the Gaelscoil office from Wednesday 6th June. Everyone welcome. Spread the word!! We look forward to seeing you on the 29th. Go raibh maith agat.**

### *LÁ DEARG AGUS BÁN*

Tá iománaithe sinsir Dhoire ag imirt sa chluiche cheannais den Chorn Chríostóir Uí Rinn in éadán na Mí i bPairc an Chrócaigh, Dé Sathairn bheag seo, 3 Meitheamh. **Chun taca a léiriú don fhoireann, tá fáilte roimh pháistí eádaí dearga / bána a chaitheamh ar Gaelscoil / Naíscoil Dé hAoine, 2 Meitheamh.** Go raibh maith agat.

### DRUIDIM GHAELSCOILE / NAÍSCOILE

Cuirtear i gcuimhne duit **go bhfuil Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain druidte do na páistí Dé Luain, 5 Meitheamh** le haghaidh Lá Forbartha Scoile. Athosclaíonn an Ghaelscoil agus Naíscoil Neachtain Dé Máirt, 6 Meitheamh. Go raibh maith agat.

### LÁ GNÍOMHAÍOCHTA RANG 5

Tá cuireadh faighte ag páistí Rang 5 ó Ghaelcholáiste Dhoire bheith rannpháirteach i Lá Gníomhaíochta **Dé Céadaoin, 7 Meitheamh**. Tuilleadh eolais agus bileoga le teacht trí *Class Dojo.*

### *FAN THE FLAME* - AIFREANN IARCHÓINEARTAITHE

In éineacht le páistí Rang 7 as scoileanna eile na Deoise, tá cuireadh faighte ag páistí Rang 7, a ghlac le sacraimint an Chóineartaithe i mí an Mhárta, freastal ar Aifreann i bPáirc na gCeilteach, Doire, **Dé hAoine, 9 Meitheamh.** Díríonn an tAifreann seo aird ar an chríoch atá ag druidim le laethanta bunscoile na bpáisti agus lena n-ullmhúchán don aistriú go hiar-bhunscoil. Tuilleadh eolais agus bileoga ceada le teacht trí *Class Dojo.*

### AIFREANN *DÉAN É SEO i gCUIMHNE ORM*

Beidh an tAifreann deiridh den chlár 2022-2023 *Déan É Seo i gCuimhne Orm* ann in Eaglais Naomh Padraig **Dé Domhnaigh, 11 Meitheamh.** Iarrtar ar pháistí uile Rang 4, in éineacht lena dteaghlhaigh, freastal, le bhur dtoil. Go raibh maith agaibh.

### LÁ ULLMHÚCHÁIN don AISTRIÚ

Tá Colaiste Phádraig, Dún Geimhin, ag eagrú lá ullmhúcháin aistrithe do dhaltaí atá le toiseacht ann i mí Mheán an Fhómhair, 2023. Beidh an imecht seo ann **Dé Luain, 12 Meitheamh.**

### *RED AND WHITE DAY*

Derry senior hurlers are playing in the final of the Christy Ring Cup against Meath in Croke park this Saturday, 3rd June. **To show our support for the team, children are welcome to wear red / white clothes to Gaelscoil / Naíscoil on Friday, 3rd June. Go raibh maith agat.**

### GAELSCOIL / NAÍSCOIL CLOSING

You are reminded that **Gaelscoil and Naíscoil Neachtain are closed to the children on Monday, 5th June** for a School Development Day. The Gaelscoil and Naíscoil re-open on Tuesday, 6th June.
Go raibh maith agat.

### RANG 5 ACTIVITY DAY

Rang 5 children have been invited to participate in an Activity Day at Gaelcholáiste Dhoire on **Wednesday, 7th June.** More information and permission notes to follow on *Class Dojo.*

### *FAN THE FLAME* – POST CONFIRMATION MASS

Together with Rang 7 / P.7 children from other schools in the diocese, our Rang 7 children, who received the sacrament of Confirmation in March, have been invited to attend a Mass in Celtic Park, Derry, on **Friday, 9th June.** This Mass marks the coming to an end of the children's days at primary school as well as their preparation for transfer to post-primary school. More information and permission notes to come via *Class Dojo.*

### *DO THIS IN MEMORY OF ME* MASS

The last Mass of the 2022-2023 *Do This in Memory of Me* programme will take place on **Sunday, 11th June,** in St. Patrick's Church, on 11th June. Rang 4 children, along with their families, are asked to attend, please. Go raibh maith agaibh.

### TRANSITION PREPARATION DAY

St. Patrick's College, Dungiven, is organising a preparation for transition day for students due to start there in September, 2023. This event will take place on **Monday, 12th June.**

## TUAIRISCÍ DEIREADH BLIANA

Cuirfear tuairisc deireadh bliana do pháiste abhaile leis / léi **De hAoine, 16 Meitheamh.** Comhlíontar an t-admháil iniata léi agus fhilltear é don mhúinteoir ranga Dé Luain, 20 Meitheamh, le do thoil. Go raibh maith agat.

## END OF YEAR REPORTS

Your child's end of year report will be sent home with him / her on **Friday, 16th June.** Please complete the attached receipt and return to the class teacher on Monday, 20th June. Go raibh maith agat.

## AIFREANN AN LUCHT IMEACHTA

Déanfaidh An Sagart Ó Ceallaigh Aifreann an Lucht Imeachta a cheiliúradh **Dé Luain, 19 Meitheamh, ar 11.00rn** in Eaglais Naomh Pádraig. Tugtar cuireadh do thuismitheorí, teaghlaigh agus cairde freastal ar an ócáid speisialta seo fosta. Go raibh maith agat.
Tugtar fá deara, le do thoil: is é **An Luan, 26 Meitheamh, lá deireach scoile páistí Rang 7.** Beidh cóisir ag na páistí agus fágfaidh siad an Ghaelscoil don am deireanach ar 1.15in!

## LEAVERS' MASS

Fr. Kelly will celebrate the Leavers' Mass on **Monday, 19th June, at 11.00am** in St Patrick's Church. Parents, families and friends are also invited to attend on this special occasion. Go raibh maith agat.
Please note: **the last day of school for Rang 7 children is Monday, 26th June.** The children will have a party and leave the Gaelscoil for the last time at 1.15 pm!

## CRUINNIÚ do THUISMITHEOIRÍ NUA GAELSCOILE

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí de pháistí atá le toiseacht ar Rang 1 i mí Mheán an Fhómhair, 2023, freastal ar chruinniú **Dé Máirt, 20 Meitheamh, ar 7.00in in the Gaelscoil.** Deis í seo do thuismitheoirí eolas a fháil ar lá scoile Rang 1, chun eolas ginearálta Gaelscoile a fháil agus chun páipéarachas cuí a líonadh amach. Tá muid ag dúil le do theacht.

## MEETING for NEW GAELSCOIL PARENTS

Parents of children due to commence Rang 1 in September 2023 are invited to a meeting on **Tuesday, 20st June at 7.00pm in the Gaelscoil.** This is an opportunity for parents to familiarise themselves with the school day in Rang 1, to find out general information about the Gaelscoil and to fill out appropriate paperwork. We look forward to seeing you.

## CRUINNIÚ do THUISMITHEOIRÍ NUA NAÍSCOILE

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí páistí atá le toiseacht ar Naíscoil Neachtain i mí Mheán an Fhómhair, 2023, freastal ar chruinniú **Dé Luain, 26 Meitheamh, ar 7.00in sa Naíscoil.** Deis í seo do thuismitheoirí bualadh le baill foirne, chun eolas úsáideach Naíscoile a fháil agus chun páipéarachas cuí a líonadh amach. Tá muid ag dúil le do theacht.

## MEETING for NEW NAÍSCOIL PARENTS

Parents of children due to commence Naíscoil Neachtain in September 2023 are invited to a meeting on Monday**, 26st June at 7.00pm in the Naíscoil.** This is an opportunity for parents to meet staff, familiarise themselves with the school day at Naíscoil, to get useful information and to fill out appropriate paperwork. We look forward to seeing you.

## ORDAITHE do GHEANSAITHE NAÍSCOILE

Tá Carnroe, an soláthraí, ag uasdátú a suíomh gréasáin faoi láthair. Cuirfear nasc chugat a luaithe is a bhíonn sé ar fáil. Tá fáilte romhat, áfach, do pháiste a thabhairt isteach chun na Gaelscoile am ar bith chun geansaithe Gaelscoile / Naíscoile a chur air ar mhaithe le méid a thriail. Go raibh maith agat.

## ORDERS for NAÍSCOIL JUMPERS

Carnroe, the supplier, are currently updating their website. You will be sent a link as soon as it becomes available. You are welcome, however, to bring your child into the Gaelscoil at any time to try on Gaelscoil / Naíscoil jumpers for size. Go raibh maith agat.

## TRÁTH NA gCEIST TÁBLAÍ

Mar imeacht de chuid Fhleadh Dhoire, déanfaidh Gaelscoil Neachtain tráth na gceist tábla do Ghaelscoileanna Chontae Dhoire a óstáil **Dé Máirt, 6 Meitheamh.** Déanfaidh páistí as Eochairchéim 2 ionadaíocht ar son na Gaelscoile.

## IARRATAIS TAISTIL

Cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil córas ar-líne ag an Údaras Oideachais (ÚO) maidir le hiarratais do thaca taistil. **Ní mór iarratais a dhéanamh ar-líne ag an suíomh ÚO ag www.eani.org.uk/transportapp.** Má tá tu ag iarraidh taca taistil do do phaiste don scoilbhliain le teacht, tá sé iontach tábhachtach go ndéanann tú seo a luaithe agus is féidir. Go raibh maith agat. MÁ TÁ DO PHÁISTE AG BAINT ÚSÁIDE AS TAISTEAL UO, NÍ CHAITHFIDH TÚ IARRATAS EILE A CHUR ISTEACH.

## IARRATAIS BHÉILTE SAOR IN AISCE / DEONUITHE ÉADAÍ SCOILE

Tá foirmeacha iarratais ar fáil anois le haghaidh béilte saor in aisce agus deonuithe éadaí scoile. Más maith leat iarratas a dhéanamh, breathnaigh suíomh an ÚO – www.eani.org.uk. Go raibh maith agat. **Do thuismitheoirí a bhfaigheann páistí dá gcuid béilte saor in aisce faoi láthair – líontar isteach, le do thoil, an fhoirm a chuirfidh an ÚA chugat agus filltear í chuig an ÚA a luaithe agus is féidir. NÍ BHFAIGHFIDH DO PHÁISTE BÉILTE SAOR IN AISCE LÁITHREACH i MÍ MHEÁN AN FHÓMHAIR MUNA nDÉANANN TÚ SEO!!**

## EOLAS GAELSCOILE

Má tá tú ag iarraidh eolais, nó soiléireachta, maidir le dul chun cinn do pháiste, nó le hábhar ar bith Gaelscoile, téitear i dteagmháil, le thoil, le múinteoir ranga an pháiste s'agatsa nó leis an Phríomhoide. Go raibh maith agat.

## COSAINT AN PHÁISTE

*Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is iad Róisín Mhic Thaidhg agus Danielle Stiobhard Leasmhúinteoirí Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud,téitear i dteagmháil le duine ar bith acu laithreach bonn, le do thoil.*

## TABLE QUIZ

As part of the County Derry Fleadh, Gaelscoil Neachtain will host a table quiz for Gaelscoileanna in Count Derry on **Tuesday, 6th June.** Children from Key Stage 2 will represent the Gaelscoil.

## TRANSPORT APPLICATIONS

You are reminded that the Education Authority (EA) has an on-line system regarding applications for transport assistance. **Applications must be made on-line at the EA's website** www.eani.org.uk/transportapp. If you are seeking transport assistance for your child for the incoming school year, it is very important that you do this as soon as possible. IF YOUR CHILD IS CURRENTLY USING EA TRANSPORT, YOU DO NOT HAVE TO REAPPLY.

## FREE SCHOOL MEAL APPLICATIONS / UNIFORM GRANTS

You are reminded that application forms are now available for free school meals and school uniform. If you wish to apply, please visit the EA website – www.eani.org.uk. Go raibh maith agat.

**To parents of children who currently receive free school meals – please fill in the form the EA will send you and return it to the EA as soon as possible. YOUR CHILD WILL NOT IMMEDIATELY GET FREE SCHOOL MEALS IN SEPTEMBER IF YOU DO NOT DO THIS!!**

## GAELSCOIL INFORMATION

If you are seeking information, or clarity, in relation to your child's progress, or any Gaelscoil matter, please contact your child's class teacher or the Principal. Go raibh maith agat.

## CHILD PROTECTION

*Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg and Danielle Stewart are the Deputy Designated Teachers for Child Protection. If you have any concerns, please contact any of them immediately.*